2025/2658

29.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2658 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Nollaig 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') [1], agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1), pointe (b) agus Airteagal 232(3), pointe (b) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach bhfuil teacht isteach coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha nó críocha san Aontas le ceadú ach amháin má liostaítear na tríú tíortha nó na críocha lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [2] leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha, ó chríocha, nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún [3] leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Tá fógra tugtha ag Ceanada don Choimisiún faoi chúig ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcúigí Alberta, British Columbia, Ontario agus Quebec, ráigeanna a deimhníodh idir an 24 Samhain 2025 agus an 15 Nollaig 2025 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

[1] IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha áirithe agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus a láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(6) Tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe don Choimisiún faoi cheithre ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcontaetha Kent, Gloucestershire agus Lincolnshire, i Sasana, agus i gcontae Midlothian, in Albain, ráigeanna a deimhníodh idir an 13 Nollaig 2025 agus an 18 Nollaig 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(7) Tá fógra tugtha ag na Stáit Aontaithe don Choimisiún faoi ocht ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Indiana, Kansas, Kentucky, Minnesota, North Dakota, Texas, agus Washington, ráigeanna a deimhníodh idir an 9 Nollaig 2025 agus an 15 Nollaig 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(8) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, bhunaigh údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun teorainn a chur le leathadh an ghalair sin.

(9) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha féin agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna sin de a tharla le déanaí.

(10) Tá meastóireacht ar an bhfaisnéis sin déanta ag an gCoimisiún. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, ba cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ó na limistéir lena mbaineann na ráigeanna nua sna tríú tíortha sin a chur ar fionraí chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, agus na dátaí a deimhníodh na ráigeanna á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis na tríú tíortha sin sna táblaí a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir sin.

(11) Ina theannta sin, tá faisnéis nuashonraithe soláthartha don Choimisiúin ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha féin a mhéid a bhaineann le ráigeanna a bhí ann roimhe seo den fhliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a chur ar fionraí san Aontas, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(12) An 1 Nollaig 2025, an 5 Nollaig 2025, an 15 Nollaig 2025 agus an 17 Nollaig 2025, chuir Ceanada faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta aige i ndáil le sé ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcúigí Alberta, British Columbia, Manitoba, agus Quebec, ráigeanna a deimhníodh idir an 31 Nollaig 2024 agus an 6 Samhain 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(13) An 18 Nollaig 2025 chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta aici i ndáil le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcontae East Sussex, i Sasana, ráig a deimhníodh an 31 Deireadh Fómhair 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(14) An 17 Nollaig 2025, chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta acu i ndáil le 16 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Georgia, Iowa, Minnesota, Pennsylvania, South Dakota, Utah, Washington, agus Wisconsin, ráigeanna a deimhníodh idir an 16 Meán Fómhair 2025 agus an 28 Deireadh Fómhair 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(15) Tá Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas go bhfuil beartas díothaithe curtha chun feidhme acu, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, chun leathadh an ghalair sin a rialú agus chun teorainn a chur leis, agus go bhfuil na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe sna bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe.

(16) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faoina bhráid agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná do shláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ó na criosanna atá buailte a chur ar fionraí, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna buailte sin de Cheanada, de na Stáit Aontaithe agus den Ríocht Aontaithe óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, gur cheart é a athúdarú. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe sna táblaí sin sna hIarscríbhinní sin a leasú dá réir.

(17) Agus na ráigeanna nua den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á gcur san áireamh, agus chun aon chur isteach neamhriachtanach ar thrádáil leis na tríú tíortha sin a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.254:

‘**CA** Ceanada	CA-2.254	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		31.12.2024	13.12.2025’;

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.285:

‘**CA** Ceanada	CA-2.285	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		15.10.2025	17.12.2025’;

(iii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.304, CA-2.305 agus CA-2.306:

‘**CA** Ceanada	CA-2.304	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		4.11.2025	17.12.2025
	CA-2.305		N, P1		4.11.2025	19.12.2025
	CA-2.306		N, P1		6.11.2025	20.12.2025’;

(iv) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.320 go CA-2.324 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.319:

‘**CA** Ceanada	CA-2.320	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		24.11.2025	
	CA-2.321		N, P1		12.12.2025	
	CA-2.322		N, P1		15.12.2025	
	CA-2.323		N, P1		5.12.2025	
	CA-2.324		N, P1		11.12.2025’;	

(v) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.404:

‘**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.404	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		31.10.2025	17.12.2025’;

(vi) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.442 go dtí GB-2.445 tar éis na rónna le haghaidh chrios GB-2.441:

'**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.442	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		13.12.2025	
	GB-2.443		N, P1		14.12.2025	
	GB-2.444		N, P1		18.12.2025	
	GB-2.445		N, P1		18.12.2025';	

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1054 agus US-2.1055:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1054	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		16.9.2025	1.12.2025
	US-2.1055		N, P1		22.9.2025	1.12.2025';

(viii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1062:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1062	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		25.9.2025	7.12.2025';

(ix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1065 agus US-2.1066:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1065	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		29.9.2025	7.12.2025
	US-2.1066		N, P1		1.10.2025	15.12.2025';

(x) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1068:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1068	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		2.10.2025	7.12.2025';

(xi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1078:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1078	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		9.10.2025	12.12.2025';

(xii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1092:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1092	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		20.10.2025	8.12.2025’;

(xiii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh criosanna US-2.1096 agus US-2.1101:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1096	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		22.10.2025	8.12.2025
	US-2.1097		N, P1		23.10.2025	8.12.2025
	US-2.1098		N, P1		24.10.2025	8.12.2025
	US-2.1099		N, P1		24.10.2025	4.12.2025
	US-2.1100		N, P1		21.10.2025	14.12.2025
	US-2.1101		N, P1		28.10.2025	6.12.2025’;

(xiv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1196 go US-2.1203 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1195:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1196	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		9.12.2025	
	US-2.1197		N, P1		9.12.2025	
	US-2.1198		N, P1		9.12.2025	
	US-2.1199		N, P1		12.12.2025	
	US-2.1200		N, P1		12.12.2025	
	US-2.1201		N, P1		15.12.2025	
	US-2.1202		N, P1		15.12.2025	
	|US-2.1203		N, P1		15.12.2025’;	

(b) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna CA-2.320 go CA-2.324 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.319:

‘Ceanada	CA-2.320	Alberta – Latitude 55.12, Longitude -118.89 Is iad seo a leanas na bardasachtaí lena mbaineann: 3km PZ: Grand Prairie 10km SZ: Grand Prairie, Greenview, Grovedale, and Wembley
	CA-2.321	Quebec – Latitude 45.51, Longitude -72.64 Is iad seo a leanas na bardasachtaí lena mbaineann: 3km PZ: Roxton Pond and Sainte-Cécile-de-Milton 10km SZ: Granby, Roxton, Roxton Pond, Saint-Joachim-de-Shefford, Saint-Pie, Saint-Valériende-Milton, Sainte-Cécile-de-Milton, and Shefford

	CA-2.322	Ontario – Latitude 43.76, Longitude -80.95 Is iad seo a leanas na bardasachtaí lena mbaineann: 3km PZ: Atwood, Listowel, North Perth, and Perth 10km SZ: Atwood, Bluevale, Brussels, Ethel, Gowanstown, Gorrie, Howick, Huron East, Kurtzville, Listowel, North Perth, and Perth
	CA-2.323	Alberta – Latitude 50.7, Longitude -111.81 Is iad seo a leanas na bardasachtaí lena mbaineann: 3km PZ: Duchess and Newell 10km SZ: Brooks, Duchess, and Newell
	CA-2.324	British Columbia – Latitude 49.7, Longitude -125.06 Is iad seo a leanas na bardasachtaí lena mbaineann: 3km PZ: Comox, Courtenay, and Pentledge 10km SZ: Comox, Courtenay, Cumberland, and Pentledge’;

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna GB-2.442 go GB-2.445 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.441:

‘An Ríocht Aontaithe	GB-2.442	near Newington, Swale, Kent, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.92 and Long: E0.86
	GB-2.443	near Welton, West Lindsey, Lincolnshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.33 and Long: W0.47
	GB-2.444	near Brockworth, Tewkesbury, Gloucestershire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N51.85 and Long: W2.14
	GB-2.445	near Penicuik, Scottish Borders, Scotland, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N54.78 and Long: W3.14’;

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.1196 go US-2.1203 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.1195:

‘Na Stáit Aontaithe	US-2.1196	State of North Dakota Richland 03 Richland County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 96.9594063°W 46.1486108°N)
	US-2.1197	State of Indiana Elkhart 19 Elkhart County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6417518°W 41.6026183°N)
	US-2.1198	State of Minnesota Waseca 05 Waseca County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 93.4246199°W 43.9740844°N)

	US-2.1199	State of Kentucky Jessamine 01 Jessamine County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.4559206°W 37.9469146°N)
	US-2.1200	State of Washington Lewis 02 Lewis County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 122.8525985°W 46.5725737°N)
	US-2.1201	State of Indiana Noble 03 Noble County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6110669°W 41.5761553°N)
	US-2.1202	State of Texas Shelby 01 Shelby County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.2443028°W 31.8575980°N)
	US-2.1203	State of Kansas Smith 01 Smith County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.8530634°W 39.7305429°N)’;

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.254:

‘**CA** Ceanada	CA-2.254	POU, RAT	N, P1		21.12.2024	13.12.2025
		GBM	P1		21.12.2024	13.12.2025’;

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.285:

‘**CA** Ceanada	CA-2.285	POU, RAT	N, P1		15.10.2025	17.12.2025
		GBM	P1		15.10.2025	17.12.2025’;

(c) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.304, CA-2.305 agus CA-2.306:

‘**CA** Ceanada	CA-2.304	POU, RAT	N, P1		4.11.2025	17.12.2025
		GBM	P1		4.11.2025	17.12.2025
	CA-2.305	POU, RAT	N, P1		4.11.2025	19.12.2025
		GBM	P1		4.11.2025	19.12.2025
	CA-2.306	POU, RAT	N, P1		6.11.2025	20.12.2025
		GBM	P1		6.11.2025	20.12.2025’;

(d) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.320 go CA-2.324 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.319:

'**CA** Ceanada	CA-2.320	POU, RAT	N, P1		24.11.2025	
		GBM	P1		24.11.2025	
	CA-2.321	POU, RAT	N, P1		12.12.2025	
		GBM	P1		12.12.2025	
	CA-2.322	POU, RAT	N, P1		15.12.2025	
		GBM	P1		15.12.2025	
	CA-2.323	POU, RAT	N, P1		5.12.2025	
		GBM	P1		5.12.2025	
	CA-2.324	POU, RAT	N, P1		11.12.2025	
		GBM	P1		11.12.2025';	

(e) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.404:

'**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.404	POU, RAT	N, P1		31.10.2025	17.12.2025
		GBM	P1		31.10.2025	17.12.2025';

(f) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.442 go GB-2.445 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.441:

'**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.442	POU, RAT	N, P1		13.12.2025	
		GBM	P1		13.12.2025	
	GB-2.443	POU, RAT	N, P1		14.12.2025	
		GBM	P1		14.12.2025	
	GB-2.444	POU, RAT	N, P1		18.12.2025	
		GBM	P1		18.12.2025	
	GB-2.445	POU, RAT	N, P1		18.12.2025	
		GBM	P1		18.12.2025';	

(g) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1054 agus US-2.1055:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1054	POU, RAT	N, P1		16.9.2025	1.12.2025
		GBM	P1		16.9.2025	1.12.2025
	US-2.1055	POU, RAT	N, P1		22.9.2025	1.12.2025
		GBM	P1		22.9.2025	1.12.2025';

(h) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1062:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1062	POU, RAT	N, P1		25.9.2025	7.12.2025
		GBM	P1		25.9.2025	7.12.2025’;

(i) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1065 agus US-2.1066:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1065	POU, RAT	N, P1		29.9.2025	7.12.2025
		GBM	P1		29.9.2025	7.12.2025
	US-2.1066	POU, RAT	N, P1		1.10.2025	15.12.2025
		GBM	P1		1.10.2025	15.12.2025’;

(j) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1068:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1068	POU, RAT	N, P1		2.10.2025	7.12.2025
		GBM	P1		2.10.2025	7.12.2025’;

(k) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1078:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1078	POU, RAT	N, P1		9.10.2025	12.12.2025
		GBM	P1		9.10.2025	12.12.2025’;

(l) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1092:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1092	POU, RAT	N, P1		9.10.2025	12.12.2025
		GBM	P1		9.10.2025	12.12.2025’;

(m) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh criosanna US-2.1096 agus US-2.1101:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1096	POU, RAT	N, P1		22.10.2025	8.12.2025
		GBM	P1		22.10.2025	8.12.2025
	US-2.1097	POU, RAT	N, P1		23.10.2025	8.12.2025
		GBM	P1		23.10.2025	8.12.2025
	US-2.1098	POU, RAT	N, P1		24.10.2025	8.12.2025
		GBM	P1		24.10.2025	8.12.2025

	US-2.1099	POU, RAT	N, P1		24.10.2025	4.12.2025
		GBM	P1		24.10.2025	4.12.2025
	US-2.1100	POU, RAT	N, P1		21.10.2025	14.12.2025
		GBM	P1		21.10.2025	14.12.2025
	US-2.1101	POU, RAT	N, P1		28.10.2025	6.12.2025
		GBM	P1		28.10.2025	6.12.2025’;

(n) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1196 go US-2.1203 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1195:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1196	POU, RAT	N, P1		9.12.2025	
		GBM	P1		9.12.2025	
	US-2.1197	POU, RAT	N, P1		9.12.2025	
		GBM	P1		9.12.2025	
	US-2.1198	POU, RAT	N, P1		9.12.2025	
		GBM	P1		9.12.2025	
	US-2.1199	POU, RAT	N, P1		12.12.2025	
		GBM	P1		12.12.2025	
	US-2.1200	POU, RAT	N, P1		12.12.2025	
		GBM	P1		12.12.2025	
	US-2.1201	POU, RAT	N, P1		15.12.2025	
		GBM	P1		15.12.2025	
	US-2.1202	POU, RAT	N, P1		15.12.2025	
		GBM	P1		15.12.2025	
	US-2.1203	POU, RAT	N, P1		15.12.2025	
		GBM	P1		15.12.2025’.	